Cluichí a Chruthú

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Cluichí atá ann cheana féin a chuir an múinteoir ar fáil a rochtain agus páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora faoi na gnéithe le cur isteach ina gcluiche féin, roimh fhaisnéis, íomhánna (sprideanna) agus/nó fuaimeanna a roghnú ó fhillteán atá ullmhaithe ag an mhúinteoir. Bunghnéithe a fhiosrú sna bogearraí cluiche dearadh. (Fiosrú)
- Cluiche bunúsach a chruthú nó athruithe a dhéanamh air le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo téacs agus pictiúir atá curtha ar fáil ag an mhúinteoir a chur isteach nó athruithe a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn an cluiche.* (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoin chluiche acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- A gcluiche a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis, íomhánna (sprideanna) agus/nó fuaimeanna a roghnú lena n-úsáid ina gcuid oibre. Gnéithe imirt chluichí sna bogearraí dearadh cluiche a chur isteach. *B'fhéidir go mbeadh socruithe an chluiche a athrú i gceist leis seo, lena chinntiú cad é a tharlóidh nuair a idirghníomhaíonn sprideanna, mar shampla sprid amháin ag imbhualadh in aghaidh sprid eile.* (Fiosrú)
- Cluiche bunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo téacs, sprideanna agus fuaimeanna a chur isteach, chomh maith le hathruithe a dhéanamh ar shocruithe cluiche i dteimpléad.* (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt ar an dóigh lena gcluiche a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- An cluiche acu a shábháil agus/nó a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar chluichí atá ann cheana féin agus faisnéis, íomhánna (sprideanna) agus/nó fuaimeanna a roghnú as foinsí digiteacha tugtha agus iad a chur in eagar lena gcuimsiú sa chluiche. Treoracha a leanúint agus eagarthóireacht a dhéanamh ar shocruithe, ag úsáid na bogearraí dearadh cluiche le cluiche a oibríonn a dhéanamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo na bogearraí dearadh cluiche a thriail le feidhmeanna na n-uirlisí agus na ngnéithe a aimsiú. Bunaithe air seo, roghnaíonn siad na huirlisí le húsáid agus/nó cinntíonn siad cad é a tharlóidh nuair a idirghníomhaíonn sprideanna.* (Fiosrú)
- Cluiche a chruthú. *B'fhéidir go mbeadh téacs a bhfuil eagarthóireacht déanta air nó téacs féinchruthaithe i gceist leis seo, agus sprideanna i gcomhar le cúlraí, fuaimeanna agus roinnt úsáid de ghnéithe imirt chluiche de na bogearraí dearadh cluiche, amhail beochan agus imbhualadh a láimhseáil.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphoist a chur nó postáil a dhéanamh ar wiki, ar bhlag nó ar shnáithe plé. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena gcluiche a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh athrú a dhéanamh ar roinnt sprideanna, ar an chúlra agus ar shocruithe an chluiche i gceist leis seo.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena gcluiche a shábháil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, íomhánna (cúlraí agus sprideanna) agus/nó fuaimeanna, agus iad a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha lena gcur in eagar agus lena gcur isteach ina gcluiche. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *B'fhéidir go mbeadh scéalchlár a chruthú dá gcluiche nó seicheamh treoracha a chruthú, mar shampla le sprideanna a bheochan.* (Fiosrú)
- Cluiche a chruthú a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh sprideanna agus/nó cúlraí a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu i gceist leis seo, lena ndéanamh fóirsteanach don spriocghrúpa agus don chuspóir.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh athruithe a dhéanamh le himirt an chluiche a fheabhsú agus na feabhsuithe a rinneadh ar an doiciméad a thaifead i gceist anseo.* (Luacháil)
- An cluiche a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis níos ábhartha, í a roghnú agus a luacháil, cúlraí, sprideanna agus/nó fuaimeanna as réimse d'fhoinsí digiteacha le heagarthóireacht a dhéanamh orthu agus iad a chur isteach sa chluiche. Bogearraí cuí dearadh cluiche a roghnú agus réimse uirlisí agus gnéithe a úsáid le himscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *De ghnáth, úsáideann daltaí scéalchlár le cluiche a phleanáil, agus réimse níos leithne de ghnéithe amhail il-leibhéil, imeachtaí agus gníomhartha.* (Fiosrú)
- Cluiche a chruthú a chomhcheanglaíonn réimse sócmhainní nó gnéithe le tuiscint shoiléir a léiriú ar an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an cur i láthair a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir trí sprideanna, cúlraí agus gnéithe imirt chluiche níos cuí a chur isteach.* (Cur in iúl)
- Modhanna reatha digiteacha a úsáid lena gcuid faisnéise a chur in iúl, a mhalartú agus a roinnt chomh maith le táirgí ilmheán, agus comhoibriú ar líne a dhéanamh lena bpiaraí. *B'fhéidir go mbeadh obair ar líne go comhoibrioch le cluiche a dhearadh agus a chruthú i gceist leis seo, nó plé, díospóireacht agus/nó idirbheartaíocht a dhéanamh ar líne faoi na gnéithe atá le cur isteach ina gcluichí féin.* (Malartú)
- An timthriall 'pleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena ríomhchlár a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh dearadh, dréachtú agus coigeartú a dhéanamh ar a gcluiche i gceist leis seo, ionas go mbeadh sé ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. B'fhéidir go n-iarrfadh siad ar a bpiaraí an cluiche acu a thástáil agus aiseolas a thabhairt le moltaí ar fheabhsuithe a ghiniúint.* (Luacháil)
- Comhad an chluiche agus comhaid agus/nó ábhair ar bith bainteacha a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar an fhaisnéis, na híomhánna, na hathróga, na sprideanna agus/nó na gníomhaíochtaí ata riachtanach, iad a roghnú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, agus tagairt a dhéanamh do na foinsí agus cosaint a dhéanamh ar an dóigh a gcuideoidh siad le dearadh an chluiche don spriocghrúpa agus don chuspóir ar leith. Léaráid nó scéalchlár fóirsteanach a chruthú leis an réiteach a phleanáil. *B'fhéidir go mbeadh cluiche il-leibhéal a chruthú, ag úsáid athróg le hainmneacha úsáideora agus scóir a stóráil, i gceist leis seo.* (Fiosrú)

- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus cluiche il-leibhéal a bhfuil réimse de ghnéithe níos sofaisticiúla ann agus cosúlacht agus mothú comhleanúnach aige, a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil do spriocghrúpa agus do chuspóir ar leith. *B'fhéidir go mbeadh úsáid athróg le hainmneacha úsáideora agus scóir a stóráil, i gceist leis seo.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú lena bpiaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go mbeadh comhoibriú ar dhearadh an chluiche agus forbairt le piaraí i gceist leis seo, mar shampla fóram díospóireachta a úsáid, ina mbíonn daoine ag cur dréachtréitigh mhalartacha na leasuithe faoi bhráid agus déanann díospóireacht orthu.* (Malartú)
- Cosaint a dhéanamh do na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc dearadh cluiche a chomhlánú, na malairtí a smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an cluiche á tháirgeadh. An dóigh a gcomhlíonann an cluiche acu riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra atá sainithe a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an leagan deiridh den chluiche.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar thógáil agus ar imirt an chluiche ar shamplaí de chluichí atá ann cheana féin, agus iad a luacháil agus smaointe atá le húsáid ina gcuid oibre féin a shainaithint agus a chur in oiriúint agus cosaint a dhéanamh dá bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. Na bogearraí is fóirsteanaí a roghnú agus a chosaint do dhearadh cluichí agus modhanna a úsáid le hearráidí a rianú agus a cheartú sa chluiche. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde ar fhoilseacháin agus acmhainní eile agus iad a roghnú agus réimse leaganacha amach a thriail go córasach, ag socrú ar an cheann is cuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail doiciméad a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a thabhairt ar a roghanna agus a mbreithiúnais bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolais ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora atá sainmhínithe go soiléir a leagan amach agus dearadh táirge sofaisticiúil il-leibhéal a phleanáil agus a fhorbairt a bhfuil réimse de ghnéithe ardfhorbartha i gceist leis agus a bhfuil eagarthóireacht chuí déantar ar na sócmhainní air. *B'fhéidir go mbeadh scripteanna féinscríofa a dhearadh i gceist leis seo, le hiompraíocht na sprideanna nó gnéithe eile den chluiche a rialú.* (Cur in iúl)

- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht iomlánaíoch chomhoibríoch. *B'fhéidir go mbeadh dréacht-leaganacha amach, leaganacha nó scripteanna a uaslódáil chuig blag i gceist anseo le haiseolas ó phiaraí, ó shaineolaithe nó ó húsáideoirí deiridh a fháil, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an dearaidh agus imirt an chluiche a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an cluiche a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus a chur i bhfeidhm a dhéanamh go córasach ar an cluiche deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go mbeadh an táirge críochnaithe a thástáil ar an úsáideoir deiridh nó ar an chliant deiridh nó le haiseolas a bhailiú i gceist leis seo, agus é seo a úsáid leis an chluiche a fheabhsú agus na hathruithe a rinne siad a dhoiciméadú nó a chosaint.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighiciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú. (Taispeáint)*

Ba chóir go léireodh daltaí, ag am agus in áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.